


Pacáiste 7


Micilín Muc



Leipreachán




Da-dú-ron-ron



Teidí Beag Álainn



Mú Mú a deir an bhó



Micilín Muc

Chuaigh Micilín Muc ar an aonach lá,
ar an aonach lá, ar an aonach lá.

Chuaigh Micilín Muc ar an aonach lá,
Hé! Hó! Micilín Muc!

Cheannaigh sé hata le cur ar a cheann,
le cur ar a cheann, le cur ar a cheann.

Cheannaigh sé hata le cur ar a cheann,
Hé! Hó! Micilín Muc!

Tháinig sé abhaile le bruach na habhann,
le bruach habhann, le bruach na habhann.

Tháinig sé abhaile le bruach na habhann,
Hé! Hó! Micilín Muc!

Sciorr a chos agus thit sé isteach,
thit sé isteach, thit sé isteach.

Sciorr a chos agus thit sé isteach,
Hé! Hó! Micilín Muc!

Beir ar a chluas agus tarraing é amach,
tarraing é amach, tarraing é amach.

Beir ar a chluas agus tarraing é amach,
Hé! Hó! Micilín Muc!

Físeán ceoil anseo



Comhar Náionraí
na Gaeltachta

Leipreachán

Bhí leipreachán ina shuí faoin gcrann
Ina shuí faoin gcrann
Ina shuí faoin gcrann
Bhí leipreachán ina shuí faoin gcrann
Is é ag deisiú bróg.

Curfá:

Óró mo dhadaí Ó
Óró mo dhadaí Ó
Óró mo dhadaí Ó
Ó Ó Ó

Óró mo dhadaí Ó
Óró mo dhadaí Ó
Óró mo dhadaí Ó
Ó Ó Ó

Bhí hata glas ar a cheann aige
Ar a cheann aige
Ar a cheann aige
Bhí hata glas ar a cheann aige
Is é ag deisiú bróga

Curfá

Bhí búcla buí ina bhróg aige
Ina bhróg aige
Ina bhróg aige
Bhí búcla buí ina bhróg aige
Is é ag deisiú bróg

Curfá x2



Da-dú-ron-ron

D'éirigh mé ar maidin agus gheal mo chroí
Da-dú-ron-ron-ron! Da-dú-ron-ron!

Bhí an ghrian ag taitneamh is do b'álainn í
Da-dú-ron-ron-ron! Da-dú-ron-ron!

Curfá:

'Sea! do gheal mo chroí!

'Sea! do b'álainn í!

'Sea! i ngach aon slí!

Da-dú-ron-ron-ron! Da-dú-ron-ron!

Chuala mé na héin ag canadh sna crainn
Da-dú-ron-ron-ron! Da-dú-ron-ron!

Chonaic mé na bláthanna istigh sa choill
Da-dú-ron-ron-ron! Da-dú-ron-ron!

Físeán ceoil anseo



Comhar Náionraí
na Gaeltachta

Teidí Beag Álainn

Teidí beag álainn, Teidí beag buí,
Thit sé sa pháirc agus tá sé an-tinn;
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.

Ghortaigh sé a cheann agus ghortaigh sé a shúil,
Ghortaigh sé a lámha agus ghortaigh sé a ghlúin;
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.

Tháinig an dochtúir i gcarr chun an tí;
“Cá bhfuil Teidí beag, Teidí beag buí?”
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.

D’fhéach sé ar a cheann agus d’fhéach sé ar a shúil,
D’fhéach sé ar a lámha agus d’fhéach sé ar a ghlúin;
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Teidí beag álainn, Teidí beag buí.

Físeán ceoil anseo



Mú Mú a deir an bhó

Mú Mú a deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Mú Mú a deir an bhó,
Cá bhfuil mo ghamhainín,
mo ghamhainín óg,

Bhí sé agam go dtí aréir
Ins sa pháirc ag ithe féir,
Ach san oíche d'imigh sé,
'S níl fhios agam cad a dhéanfas mé,

Mú Mú a deir an bhó,
'S í ag siúl isteach sa chró;
Mú Mú a deir an bhó,
Seo é mo ghamhainín,
mo ghamhainín óg

Físeán ceoil anseo

